Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Straitéis 2021-2021,
Bord Oiliúna agus Oideachais Éireann

Aighneacht ó Gaeloideachas, Bealtaine 2021

People - Delivering for people and communities is at the heart of what we do. How can we better deliver and cater for the people and communities which we serve?

Soláthar Oideachais

Ba cheart go mbeadh cur chun cinn an tumoideachais aitheanta mar mhór aidhm straitéiseach ag an BOOÉ, le freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais an phobal mar a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Ní leor an soláthar reatha de scoileanna agus aonaid lán-Ghaeilge le freastal ar mhianta tuismitheoirí agus caomhnóirí dá bpaistí, rud atá aitheanta sa taighde. Tá ról ríthábhachtach ag na BOO mar phátrúin scoile i bhforbairt an oideachas lán-Ghaeilge.

Tá sé riachtanach go n-aithneodh BOOÉ gurb é an tumoideachas an múnla is éifeachtaí chun sealbhú an sprioc-theanga a chur chun cinn, mar atá aitheanta sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Ba cheart go dtreiseodh polasaithe BOOÉ cur i bhfeidhm múnla an tumoideachais sna scoileanna agus sna haonaid faoi phátrúnacht na BOO.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag BOOÉ go ndéanfaí iarratais ar scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú nuair is féidir, agus go bhféachfar ar aonaid rathúla a fhorbairt ina scoileanna neamhspleácha le buannaíocht an tsoláthair a chinntiú. Is gá go mbeadh na BOO ag gníomhú go leanúnach le cinntiú go mbeidh rochtain áitiúil ag an bpobal ar tumoideachais lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán. Creideann Gaeloideachas gur cheart tairiscint ghníomhach a dhéanamh i gcónaí áit a bhfuil oideachas lán-Ghaeilge ar fáil, le go dtuigfidh an pobal go bhfuil an rogha ann, agus go bhfuil dualgas ar phátrúin atá ag soláthar aonaid lán-Ghaeilge iad a phoibliú agus a chur chun cinn.

Feasacht Teanga

Is gá go gcuirfí rogha teanga san áireamh in aon chomhairliúcháin poiblí a thugann BOOÉ faoi, leithéidí an suirbhé seo san áireamh.

Ba cheart go mbeadh Gaeilge le feiceáil ar chomhéadan poiblí BOOÉ, agus go mbeadh ráiteas físe ag an BOOÉ maidir le tiomantas na heagraíochta i leith na Gaeilge. Tá an Ghaeilge mar theanga pobail

agus mar theanga baile ag sciar suntasach de na daoine a bhfuil an BOOÉ le freastal orthu – bíodh sin san áireamh agus le feiceáil sna gníomhaíochtaí cumarsáide, sna pleananna straitéiseacha agus eile a thugann an eagraíocht fúthu.

Partnership - Collaborating and building strategic partnerships are key enablers for us. How can we better work together to deliver and cater for the people and communities which we serve?

Ba mhór le Gaeloideachas comhoibriú le BOOÉ ar na mór cheisteanna straitéiseacha mar a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Agus Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt ag an Roinn Oideachais & Scileanna, beidh cinntí móra á dhéanamh maidir le todhchaí na hearnála sna blianta beaga romhainn. Tá deis ann anois comhpháirtíocht láidir a bhunú le geallshealbhóirí na hearnála agus tionchar dearfach a imirt ar an bpróiseas, le go mbeidh polasaí fiúntach agus tacúil mar thoradh air.

Potential - What vision of the future do you want to see Education and Training Boards Ireland work towards, supporting you or your organisational objectives over the next three years and beyond?

Go mbeadh tacaíocht láidir agus sonrach ann don oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i straitéis BOOÉ, dírithe ar cur chun cinn an tumoideachais.

Go mbeidh na BOO treoraithe ag aidhmeanna straitéiseacha BOOÉ agus polasaithe á fhorbairt acu maidir le soláthar lán-Ghaeilge faoina bpátrúnacht.

Go mbeidh pobail in ann a bheith muiníneach go ndéanfar soláthar cuí do riachtanais oideachais a bpáistí nuair is tumoideachas lán-Ghaeilge rogha na dtuismitheoirí.